# Vóta 4 An Phríomh-Oifig Staidrimh

# Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 4, ceanglaítear orm an Cuntas Leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an Cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, tugaim tuairisc sa Chuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2011 do thuarastail agus do chostais An Phríomh-Oifig-Staidrimh.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasaithe 2011, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsaid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Is cuid é den Chuntas seo an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Cuntasaíochta chomh maith leis na nótaí 1 go 6.

**Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Cuntasaíochta**

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, maidir le Cuntais Leithreasa a tháirgeadh, chun feidhme agus an Cuntas á ullmhú seachas i gcás an mhéid:

***Dímheas***

Tá dímheas á dhéanamh ar shócmhainní a chosain €3.214 milliún agus a úsáideadh le linn Daonáireamh an Daonra 2011 thar thréimhse dhá bhliain (2011-2012).

Tá dímheas á dhéanamh ar roinnt sócmhainní trealaimh oifige ag 10%.

**Ráiteas faoin Rialú Inmheánach Airgeadais**

Mar aon leis an gCuntas, tá ráiteas san fhormáid chaighdeánach curtha isteach agam maidir leis an gcóras um rialú inmheánach airgeadais atá i bhfeidhm sa .

**Gearóid Ó'Hanluainn**
Oifigeach na gCúntas
An Phríomh-Oifig-Staidrimh
21 Márta 2012

# Deimhniú an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tá Cuntas Leithreasa an Vóta 4: An Phríomh-Oifig Staidrimh le haghaidh 2011 iniúchta agam faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an Cuntas de réir an Ráiteas ar Bheartais agus Phriosabail Chuntasaíochta. Tá dualgais an Oifigigh Chuntasaíochta agus an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste maidir leis na Cuntais Leithghabhála, agus bunús tuairime an iniúchta, leagtha amach i gCuid 1 den imleabhar seo.

Tá an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach chun críoch m'iniúchta faighte agam. Is é mo thuairim go raibh leabhair chearta chuntas coinnithe ag an Phríomh-Oifig Staidrimh. Tá an Cuntas Leithreasa ag teacht lena bhfuil sna leabhair chuntas.

Is é mo thuairim, go dtugann an Cuntas Leithreasa léargas ceart ar fháltais agus ar chaiteachas an Vóta don bhlian dar chríoch 31 Nollaig 2011.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
30 Lúnasa 2012

# Vóta 4 An Phríomh-Oifig-Staidrimh
# Cuntas Leithreasa 2011

| Seirbhís | | 2011 Soláthar measta | 2011 Toradh | 2010 Toradh |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| **Riarachán** | | | | |
| A.1. | Tuarastail, pá agus liúntais | 38,997 | 37,490 | 35,866 |
| A.2. | Taisteal agus cothú | 946 | 913 | 1,009 |
| A.3. | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | 4,690 | 2,977 | 1,591 |
| A.4. | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 1,684 | 1,506 | 1,488 |
| A.5. | Trealamh oifige agus seirbhísí TE seachtracha | 7,544 | 5,553 | 9,724 |
| A.6. | Costais áitreabh oifige | 2,488 | 1,135 | 1,119 |
| A.7. | Seirbhísí comhairleoireachta | 61 | 17 | 67 |
| A.8. | Bailiú staitisticí | 26,206 | 25,109 | 2,674 |
| | **An mór iomlán** | **82,616** | **74,700** | **53,538** |
| | **Bain de** | | | |
| A.9. | **Leithreasaí-i-gcabhair** | **2,549** | **2,574** | **2,776** |
| | **An glan iomlán** | **80,067** | **72,126** | **50,762** |
| | **Farasbarr le tabhairt suas** | | **€7,941,176** | **€7,069,925** |

# Nótaí a ghabhann leis an gCuntas Leithreasa

## 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2011

| | Nóta | €000 | 2011<br>€000 | 2010<br>€000 |
|---|---|---|---|---|
| Caiteachas ar riarachán | | | 74,700 | 53,538 |
| **Olliomlán** | | | 74,700 | 53,538 |
| Bain de | | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | | 2,574 | 2,776 |
| **Glaniomlán** | | | 72,126 | 50,762 |
| | | | | |
| **Athruithe maidir le sócmhainní caipitil** | | | | |
| Ceannacháin | | (443) | | |
| Cailliúint ar diúscairtí | | 8 | | |
| Dímheas | | 5,448 | 5,013 | 1,246 |
| | | | | |
| **Athruithe maidir le sócmhainní atá á bhforbairt** | | | | |
| Íocaíochtaí in airgead tirim | | | (1,822) | (4,541) |
| | | | | |
| **Athruithe maidir le glansócmhainní reatha** | | | | |
| Laghdú ar fhabhraithe deiridh | | (822) | | |
| Laghdú ar stoc | | 45 | | |
| | | | (777) | (657) |
| **Caiteachas díreach** | | | 74,540 | 46,810 |
| | | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara | 1.1 | | 6,948 | 7,302 |
| Measchíosanna | | | 1,347 | 1,990 |
| **Costas oibriúcháin** | | | **82,835** | **56,102** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá an caiteachas glan ar sheirbhísí gaolta atá curtha san áireamh sa Ráiteas ar Chostas Oibriúchain déanta suas de nea méid eanna measta seo a leanas á iompar ag Vótaí eile:

| Vóta | | 2011<br>€000 | 2010<br>€000 |
|---|---|---|---|
| 7 | Pinsin agus Liúntais as Oibre | 3,210 | 3,502 |
| 9 | Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 2,569 | 2,639 |
| 10 | Oifig na nOoibreacha Poiblí | 1,169 | 1,161 |
| | | 6,948 | 7,302 |

## 2 Clár Comhardaithe ag 31 Nollaig 2011

| | Nóta | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitil** | 2.1 | 18,558 | 19,173 |
| **Sócmhainní atá á bhforbairt** | 2.2 | 923 | 3,707 |
| | | **19,481** | **22,880** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.3 | 136 | 327 |
| Stoic | 2.4 | 133 | 178 |
| Réamhíocaíochtaí | | 937 | 730 |
| Ioncam fabhraithe | | 1,183 | 945 |
| Iarmhéideanna eile dochair | | 121 | 247 |
| Glandliteanas ón Státchiste | 2.5 | 1,162 | 577 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **3,672** | **3,004** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Costais fhabhraithe | | 164 | 529 |
| Ioncam iarchurtha | | 53 | 80 |
| Iarmhéideanna eile creidmheasa | 2.6 | 1,419 | 1,151 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **1,636** | **1,760** |
| **Glansócmhainní reatha** | | 2,036 | 1,244 |
| **Glansócmhainní** | | **21,517** | **24,124** |
| **Léirithe ag:** | | | |
| **Cuntas maoiniú Stáit** | | **21,517** | **24,124** |

## 2.1 Ráiteas Shócmhainní Caipitil

| | Talamh agus foirgnimh | Trealamh oifige innealra eile | Troscán agus feistis | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | | |
| Ollsócmhainní ag 1 Eanáir 2011 | 34 | 53,939 | 3,403 | 57,376 |
| Coigeartú na bliana roimhe sin[1] | — | (22) | (1) | (23) |
| Breiseanna | — | 4,983 | 50 | 5,033 |
| Diúscairtí | — | (1,483) | (5) | (1,488) |
| [2]Aistrithe | — | (220) | — | (220) |
| Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2011 | 34 | 57,197 | 3,447 | 60,678 |
| **Dímheas carntha** | | | | |
| Ollsócmhainní ag 1 Eanáir 2011 | 34 | 35,372 | 2,797 | 38,203 |
| Coigeartú na bliana roimhe sin[1] | — | (7) | — | (7) |
| Dímheas don bhliain | — | 5,313 | 135 | 5,448 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | — | (1,475) | (5) | (1,480) |
| Dímheas ar Aistrithe[2] | — | (44) | — | (44) |
| Dímheas carnach ag 31 Nollaig 2011 | 34 | 39,159 | 2,927 | 42,120 |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2011** | — | 18,038 | 520 | 18,558 |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2010** | — | 18,567 | 606 | 19,173 |

[1]Tar éis athbhreithnithe ar chlár na sócmhainní, d'eascair coigeartú ón mbliain roimhe sin maidir le luachanna agus le dímheas sócmhainní áirithe.

[2] Aistríodh 260 ríomhaire glúine a úsáideadh le linn Daonáireamh 2011 a bhailiú chuig trí Roinn/Oifig Rialtais i 2011 (140 ríomhaire glúine chuig an Roinn Sláinte & Leanaí, 100 ríomhaire glúine chuig Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim agus 20 ríomhaire glúine chuig Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste).

## 2.2 Sócmhainní Caipitil atá á bhforbairt

ag 31 Nollaig 2011

| | Úsáideanna ríomhaireachta |
|---|---|
| | €000 |
| Suimeanna tugtha ar aghaidh ag 1 Eanáir 2011 | 3,707 |
| Coigeartú i ndáil le tionscadail neamhchríochnaithe | (1) |
| Íoaaíochtaí in airgead titim don bhlian | 1,822 |
| Aistrithe chuig clár na sócmhainní | (4,605) |
| Suimeanna tugtha ar aghaidh ag 31 Nollaig 2011 | 923 |

## 2.3 Banc agus Airgead Tirim

ag 31 Nollaig

| | 2011 | 2010 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag an bPámháistir Ginearálta agus airgead tirim | 146 | 352 |
| Orduithe íocaíochta gan íoc | (10) | (25) |
| | 136 | 327 |

## 2.4 Stoic

| ag 31 Nollaig | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|
| Stáiseanóireacht | 90 | 86 |
| Ábhar inchaite teicneolaíochta faisnéise | 37 | 30 |
| Foilseacháin | 6 | 62 |
| | 133 | 178 |

## 2.5 Glandliteanas ón Státchiste

| ag 31 Nollaig | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|
| Farasbarr le tabhairt suas | 7,941 | 7,070 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (9,103) | (7,647) |
| Glandliteanas ón Státchiste | (1,162) | (577) |
| **Arna léiriú le** | | |
| Féichiúnaithe | | |
| Banc agus airgead tirim | 136 | 327 |
| Iarmhéideanna dochair: ar fionraí | 121 | 247 |
| | 257 | 574 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (1,021) | (920) |
| Iarmhéideanna creidmheasa: ar fionraí | (398) | (231) |
| | (1,419) | (1,151) |
| | (1,162) | (577) |

## 2.6 Iarmhéideanna Sochair Eile

| ag 31 Nollaig | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|
| **Dlite don Stát** | | |
| Cáin Ioncaim | 418 | 396 |
| Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasta | 273 | 366 |
| Cáin Shiarchoinneálach ar Sheirbhísí Gairmiúla | 93 | 33 |
| Cáin Bhreisluacha | 16 | 2 |
| Ranníocaíochtaí pinsin | 83 | 74 |
| Tobhach Ioncaim | — | 49 |
| An Muirear Uilíoch Sóisialta | 138 | — |
| | 1,021 | 920 |
| Asbhaintí den phárolla atá gcoinneáil ar fionraí | 224 | 231 |
| Iarmhéideanna dochair: ar fionraí | 174 | — |
| | 1,419 | 1,151 |

## 2.7 Ceangaltais

| ag 31 Nollaig | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|
| Ceangaltais | 815 | 5,079 |

## 3 Athruithe maidir le Caiteachas

Tugtar míniú thíos ar gach fomhír caiteachais a raibh difríocht idir an toradh air agus an méid a cuireadh ar fáil dó de bhreis ar €100,000 agus de bhreis ar 5% (25% i gcás fotheidil riaracháin).

| Fotheideal | Níos lú (níos mo) ná a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| A3. | 1,713 | Coigilteas i gcostais fhógraíochta agus tionscnaimh an Daonáirimh 2011, in éineacht le costais níb'ísle ná mar a bhíothas ag dréim leis a bhain le tionól Chomhdháil Dhomhanda Staitisticí na hInstitiúide Staidrimh Idirnáisiúnta ba chúis leis an gcoigilteas. |
| A5. | 1,991 | Tháinig an choigilt chun cinn mar gheall ar mhoilleanna ar chead a fháil ón Roinn Caiteachais Phoiblí maidir le roinnt tionscadail IT a bhí beartaithe i rith 2011. |
| A6. | 1,353 | D'eascair an choigilt mar gheall ar na costais áitribh oifige san oifig phróiseála Daonáirimh i Sord i rith 2011 a bheith níos ísle ná mar a ceapadh. |

## 4 Fáltais

| 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair | 2011 Measta €000 | 2011 Réadaithe €000 | 2010 Réadaithe €000 |
|---|---|---|---|
| 1. Faltais ón aontas Eorpach | 130 | 453 | 755 |
| 2. Ilchinéal de rudaí eile | 70 | 94 | 74 |
| 3. Asbhaint a bhaineann le pinsin ar luach saothair na seirbhíse poiblí | 2,349 | 2,027 | 1,947 |
| **Iomlan** | **2,549** | **2,574** | **2,776** |

**Athruithe maidir le Caiteachas**

Tugtar míniú thíos maidir le gach fotheideal caitheachais a raibh an toradh a bhain leis breis is €100,000 níos mó nó níos lú ná an tsuim a soláthraíodh, agus breis is 25% amach ón tsuim a soláthraíodh.

| Teideal | Níos lú/(níos mó) ná a bhí measta €000 | Miniú |
|---|---|---|
| 1. | (323) | Bhí fáltais ó chonarthaí an Aontais Eorpaigh níos airde ná mar a ceapadh i 2011 mar gheall ar luathfháltas cistithe réamh-mhaoinithe le haghaidh roinnt conarthaí. |
| 3. | 322 | Bhí fáltais ón asbaint a bhaineann le pinsean níos ísle ná mar a ceapadh go príomha mar gheall ar aisíocaíochtaí a rinneadh le maoirseoirí sealadacha allamuigh a bhí i mbun Daonáireamh na bliana 2011 a bhailiú. Rinneadh na haisíocaíochtaí seo leis na daoine siúd a d'fhág an tseirbhís phoiblí ag deireadh a gconarthaí daonáirimh. |

## 5 Líon agus Pá na bhFostaithe

| | 2011 | 2010 |
|---|---|---|
| **Líon foirne (comhionann le fostaithe lánaimsire) ag deireadh na bliana** | 813 | 767 |
| | **2011** | **2010** |
| | **€000** | **€000** |
| Pá | 34,828 | 33,220 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 217 | 154 |
| Liúntais eile | 63 | 100 |
| Liúntais le haghaidh ragobair | 155 | 331 |
| ÁSPC an fhostóra | 2,227 | 2,061 |
| **Pá iomlán** | **37,490** | **35,866** |

Tharla an méadú foirnithe mar gheall ar ath-imlonnú sealadach na foirne ó ranna agus ó dhaoine eile ar conarthaí sealadacha le plé leis an daonáireamh.

### 5.1 Liúntais agus Íocaíochtaí Ragoibre

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | Uasíocaíocht aonair €10,000 nó níos mó 2011 € | Uasíocaíocht aonair €10,000 nó níos mó 2010 € |
|---|---|---|---|---|
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 127 | 1 | 10,354 | 17,235 |
| Liúntais le haghaidh ragobair agus tinrimh bhreise | 110 | 2 | 13,096 | 15,312 |
| Liúntais le haghaidh uainobair agus as a bheith ar uainchlár | 9 | — | — | — |

Fuair daoine aonair áirithe luach saothair breise i mbreis agus catagóir amháin.

## 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Nithe Díscríofa

Fuarthas cead ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe chun díscríobh a dhéanamh ar stoic foilseachán dar luach €56,737 a tiomairgeadh sa Phríomh-Oifig Staidrimh thar roinnt blianta. Tá bearta i bhfeidhm anois chun a áirithiú nach mbeidh tiomargadh den sórt sin arís.

### 6.2 Tacaíocht do Sheandícheall Staidrimh

Íocadh suim €10,000 le Coláiste na hOllscoile Corcaigh trí mhaoiniú le haghaidh Scoláireacht Dhónaill Mhic Carthaigh 2011-2012. Tabharfaidh faighteoir na scoláireachta faoi thionscadal CSO/staidreamh oifigiúil. Ina theannta sin, bhronn an Oifig duaisairgead €3,200 i 2011 mar chuid de Bhonn tionscnaimh John Hooper maidir le Staitisticí. Bhí an comórtas seo oscailte do dhaltaí dara leibhéal an timthrialla shinsearaigh in Éirinn.